

Fear an Phoist

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint anois ar thuirisc faoi Larry Griffin, fear poist a d'imigh gan tasc ná tuairisc sa bhliain 1929. Sula bhféachann tú ar an mír, bí ag obair leis an duine in aice leat agus déan iarracht na ceisteanna seo a fhreagairt.

An bhfuil aon scéal faoi dhúnmharú/daoine ar iarraidh ó do cheantar féin?

An léann tú coirscéalta?

Ceist 2 Féach ar an mír anois. Déan iarracht na téarmaí thíos a mheaitseáil leis an aistriúchán ceart.

Bury_____ diaidh ar ndiaidh

Delivering_____ i ndeireadh na dála

Suspicious_____ príomhfhinné

Turn_____ amhrasach

Illegally_____ go rúnda

Gradually_____ cor

Eventually_____ dhiúltaigh

Decided_____ adhlacadh

Confrontation_____ neamhdhlíthúil/neamhdhleathach

Chiefwitness_____ seachadadh

Secretly_____ achrann

Refused_____ chinn

Ceist 3 Anois féach ar an mír don dara uair agus déan iarracht na ceisteanna thíos a fhreagairt.

1. Cén t-ainm a ghlaoití ar James Fitzgerald go háitiúil?
2. Cén cinneadh a rinne an slua faoin gcorp?
3. Cé mhéad duine a gabhadh?
4. Cén fáth ar thit an cás as a chéile?
5. Céard é an rud is tábhachtaí, dar le Fachtna Ó Drisceoil?

Ceist 4 *'gan chorp, gan finné...'*

Cén fáth go bhfuil séimhiú ar 'corp' agus nach bhfuil ar 'finné'?

An bhfuil aon riail ghramadaí ar eolas agat faoi 'gan'?

Déan iarracht na habairtí thíos a cheartú, más gá.

1. Ní bheidh muid gan (leaba).
2. Is fear gan (maith) é sin.
3. Fágadh é gan (pingin rua)
4. Níl sé ag ól gan (Peadar)
5. Beidh Máire ann gan (Ciarán)
6. Tháinig sé gan (carr)
7. D'ith sé gan (forc)
8. Chríochnaigh sí é gan (briseadh)

Ceist 5 Déan iarracht na gnéithe gramadaí a leanas a aimsiú sa sliocht thíos.

- a. Trí shampla den bhriathar saor.
- b. Dhá shampla den fhoirm tháite.
- c. Dhá shampla d'ainmfhocail fhirinscneacha sa ghinideach uatha.

'Diaidh ar ndiaidh d'éirigh na gardaí amhrasach. I ndeireadh na dála, tháinig cor sa scéal nuair a thógadar ráiteas ó fhear áitiúil, James Fitzgerald nó Jim Greaney mar a tugadh air go háitiúil agus deir Jim Greaney go raibh sé istigh sa teach tábhairne áitiúil, Whelans, an oíche sin go rabhadar ar fad ag ól go neamhdhlíthúil, é féin, an múinteoir scoile áitiúil, beirt de na gardaí áitiúla, an tábhairneoir, a chlann agus daoine eile agus fear an phoist, gur tharla achrann idir fear an phoist agus an múinteoir scoile agus fear eile Ned Morrissey, gur leagadh fear an phoist, gur bhuail sé a chloigeann i gcoinne an tsoirn agus gur maraíodh é, agus gur chinn gach duine a bhí i láthair é sin a cheilt agus fáil réidh leis an gcorp go rúnda'

Ceist 6 Pléigh an ráiteas thíos leis an duine in aice leat nó mar rún díospóireachta sa rang.

"Ní féidir linn muinín a bheith againn as na Gardaí sa tír seo"

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 Is féidir na ceisteanna seo a phlé leis an duine in aice leat.

Ceist 2 Bury_____ **adhlacadh**
Delivering_____ **seachadadh**
Suspicious_____ **amhrasach**
Turn_____ **cor**
Illegally_____ **neamhdhlíthúil/neamhdhleathach**
Gradually_____ **diaidh ar ndiaidh**
Eventually_____ **i ndeireadh na dála**
Decided_____ **chinn**
Confrontation_____ **achrann**
Chiefwitness_____ **príomhfhiné**
Secretly_____ **go rúnda**
Refused_____ **dhiúltaigh**

Ceist 3

1. Ghlaoití Jim Greaney ar James Fitzgerald go háitiúil.
2. Chinn an slua fáil réidh leis an gcorp go rúnda.
3. Gabhadh deichniúr.
4. Thit an cás as a chéile mar dhiúltaigh an príomhfhiné seasadh lena ráiteas.
5. Dar le Fachtna Ó Drisceoil, is é an rud is tábhachtaí ná nach bhfuarthas corp Larry Griffin ariamh.

Ceist 4 An bhfuil aon riail ghramadaí ar eolas agat faoi 'gan'?

Leanann séimhiú 'gan' nuair nach bhfuil i gceist ach focal amháin. Mar shampla; *gan chóta*, ach, *gan cóta dubh*.

Ní séimhítear ainmneacha dílse, nó focail a thosaíonn ar d,s,t,f,

1. Ní bheidh muid gan **leaba**.
2. Is fear gan **mhaith** é sin.
3. Fágadh é gan **pingin rua**
4. Níl sé ag ól gan **Peadar**
5. Beidh Máire ann gan **Ciarán**
6. Tháinig sé gan **charr**
7. D'ith sé gan **forc**
8. Chríochnaigh sí é gan **bhriseadh**

Ceist 5 a. tugadh, leagadh, maraíodh

b. thógadar, rabhadar

c. fear an **phoist**, i gcoinne an **tsoirn**

Ceist 6 Is féidir an ráiteas a phlé nó díospóireacht a dhéanamh sa rang.

Eimear Ní Chonaola

Sa bhliain¹ 1929 chuaigh fear poist, Larry Griffin, ar iarraidh as an tSráidbhaile i gContae Phort Láirge. I leabhar nua scríofa ar an ábhar, déantar cur síos ar eachtraí inar cheil lucht an tsráidbhaile an fhírinne faoinar tharla dó. Tá muintir an fhir fós dóchasach go dtiocfaidh siad ar a chorp agus go mbeidh siad in ann é a adhlacadh mar is ceart.

Fachtna Ó Drisceoil

Fear an Phoist, Larry Griffin, bhí sé ag obair an lá sin mar a d'oibríodh fear an phoist sna blianta sin agus bhí sé ag taisteal ó Choill Mhic Thomáisín go dtí an tSráidbhaile agus ar ais ag seachadadh an phoist agus ag bailiú an phoist ach níor tháinig sé abhaile go dtí a bhean chéile an oíche sin go Coill Mhic Thomáisín, níor tháinig sé abhaile go deo arís ina dhiaidh sin. Bhí sé ar iarraidh.

Diuidh ar ndiaidh, d'éirigh na gardaí amhrasach. I ndeireadh na dála, tháinig cor sa scéal nuair a thógadar ráiteas ó fhear áitiúil, James Fitzgerald, nó Jim Greaney mar a tugadh air go háitiúil agus deir Jim Greaney go raibh sé istigh sa teach tábhairne áitiúil, Whelans, an oíche sin, go rabhadar ar fad ag ól go neamhdhlíthúil, é féin, an múinteoir scoile áitiúil, beirt de na gárdaí áitiúla², an tábhairneoir, a chlann agus daoine eile agus fear an phoist, gur tharla achrann idir fear an phoist agus an múinteoir scoile agus fear eile, Ned Morrissey, gur leagadh fear an phoist, gur bhuaill sé a chloigeann i gcoinne an tsoirn³ agus gur maraíodh é, agus gur chinn gach duine a bhí i láthair é sin a cheilt agus fáil réidh leis an gcorp go rúnda. Gabhadh deichniúr de⁴ na daoine a dúradh a raibh i láthair an oíche sin. Tugadh chun na cúirte iad ach nuair a cuireadh príomhfhéinne an stait Jim Greaney ar an seastán, dhiúltaigh sé seasamh lena ráiteas. Thit an cás óna chéile gan chorp, gan fhinné⁵. Scaoileadh saor na daoine agus níor aimsíodh corp Larry Griffin riamh. An rud is tábhachtaí faoin scéal seo ná nach bhfuil corp Larry Griffin aimsithe, go bhfuil a mhuintir fós ag iarraidh adhlacadh Críostaí a thabhairt dó agus má tá aon duine amuigh ansin go bhfuil eolas acu faoi, cá bhfuil an corp, gur i ndáiríre gurb é an t-am teacht chun tosaigh agus an t-eolas sin a thabhairt.

¹ Sa mbliain a deirtear

² áitiúil a deirtear

³ sorn deirtear

⁴ des deirtear

⁵ gan finné deirtear